

MUIR – Seó Sráide na Féile

2 i.n. Dé Domhnaigh 10 Meán Fómhair • AN SPIDÉAL

Ar an Domhnach an 10 Meán Fómhair beidh Seó Sráide le feiscint sa Spidéal. MUIR an téama atá ar an Seó Sráide, atá curtha le chéile ag an ngrúpa atá ar Scéim Fostalachta Pobail an Phléaráca i Ros Muc. Tháinig an smaoineamh faoi Sheó Sráide ó Oifigeach Ealaíona an Údaráis, Joe Steve Ó Neachtain. Is faoi stiúir Shille Nic Conaonaigh ón Spidéal atá an Seó Sráide dhá chur le chéile. Tá Macnas ag cur comhairle agus cúnamh ar fáil do ghrúpa Chonamara.

Tá cheithre sheachtaine caite ag grúpa na Scéime ag obair ar an seó ó roghnú an téama go múnú na nainmnithe éagsúla. Dá gcaithfeadh duine súil isteach san Ionad Fiontrálachta i gCill Bhriocáin le cúpla seachtain anuas, d'fheicfidís rollaí sreangán, latex agus carnán sean pháipéir nuachta — an bunábhar atá dhá úsáid leis na plosaí éagsúla a dhéanamh.

Is iontach an méid ama, an méid oibre agus an méid samhlaíochta atá curtha isteach sa Seó Sráide ag an ngrúpa. Tá laethanta fada caite san ionad fiontrálachta i Ros Muc ag triail bealaí éagsúla le bairnigh, corr éisc agus smugaile róin a dhéanamh. Tá uaireanta fada caite, le linn na haimsire te a bhí againn le gairid, ag greamú, ag péinteáil, ag lúbadh agus ag ceangailt.

Sé príomh aidhm an seó sráide ná plosa craic a chur ar fáil do mhuintir na h-áite mar chuid de Phléaráca Chonamara i mbliana. Beidh an Seó Sráide le feiscint ar shráidbhaile an Spidéil thart ar 2.00pm ar an Domhnach an 10ú Meán Fómhair.

Dála an scéil, tá Taispeántas Chois Fharraige ar bun an lá céanna i gColáiste Chonnacht. Beidh an-lá sa Spidéal.



Drumadóir as an seó sráide a chuir Macnas ar siúl i nGaillimh i mbliana. Tá Seó Sráide réitithe ag Scéim Fostalachta Pobail an Phléaráca agus beidh sé le feiceáil sa Spidéal ar an Domhnach 10 Meán Fómhair. 'Muir' an téama atá ag an seó sráide seo.



Slán le hInis Meáin

Ar an gcéad Domhnach de mhí Iúil, 1970 a chéadsheol mise go hInis Meáin. Ba é an chéad uair ar fharraige mhór an Atlantaigh mé. Bhí mé i mo bhliain dheireannach sa choláiste ársa Má Nuad, agus mé ar bheagán Gaeilge. Bhí tuairim mhaith agam go mbeadh tréimhse i nGaeltacht Chonamara nó ar oileán Gaeltachta i ndán dom, agus bhí sé thar am agam tosnú ar fheabhsú mo chuid Gaeilge.

Bhí an choicíos roimhe sin caite agam ag obair ar scéim thithíochta do lánúineacha óga, sa Mhuirbheach i nGaillimh. Sheas mé isteach ar an Naomh Éanna i ndug na Gaillimhe don chéad uair an mhaidin cheobhránach smúitiúil mheirbh sin. Bhí an fharraige ciúin cailm, ar ndóigh in aimsir mar sin, agus níorbh fhada gur thit mé i mo chodladh, tuirse na hoibre, an luathsheolta, agus na bpiontaí a bhí ólta sa Trappers Inn ar bhóthar Thuama, an oíche roimhe, agus

mé féin is mo chairde ón Muirbheach ag fágáil slán lena chéile.

Chodail mé ar an mbealach ar fad amach tríd an gCuan, thar Cheann Bóirne chomh fada le hInis Oirr. Torann shlabhra ancaire an bháid a dhúisigh mé amach ar aghaidh thrá leathan an oileáin sin. Ní mórán a bhí le feiceáil mar gheall ar an gceo trom samhraidh, ach bhí curachaí ag teacht le taobh an tsoithigh le daoine a thabhairt i dtír.

Bhí an ceo fós ann ag dul i dtír dom in Inis Meáin, mo chéad uair i gcurach agus mé faiteach go maith. Baineadh geit asam nuair a chonaic mé daoine gléasta i veisteanna agus treabhsair cheannasna, pampooties ar chosa ag cuid acu, Gaeilge bheo ghlan dothuigthe (domsa) á spalpadh acu. Chuaigh mé chun an tí lóistín a bhí socraithe dom ag séiplíneach na n-oileán, Pádraig Mac Giollagáin — Tigh Phádraig Pheait Sheáin, ó dheas den séipéal. Don chéad uair i mo shaol

d'airigh mé gasúir ag labhairt Gaeilge go nádúrtha, agus nach orm a bhí an t-iontas, agus mé fós ag cuimhniú (go siceolaíoch) ar Ghaeilge mar theanga mhí-nádúrtha scoile.

Luaigh mé ceo ar mo chéad turas chuig na hoileáin, ceo a dhó agus a ghlan teas na gréine le trathnóna álainn fadradharcach a chur ar fáil dúinn. Faoi cheo de chineál eile a sheol mé do na hoileáin mar shéiplíneach i Samhain na bliana dár gcionn, focail Synge — "the long nights after Samhain" ag torann i mo chluasa.

Cúpla mí roimhe sin ceapadh mar prefect os cionn lucht staidéir i gColáiste Iarfhlaitha i dTuaim mise. Bhí gráin agam ar an bpost. Níor cheap mé gur le haghaidh sin a hoirníodh i mo shagart mé, ach le bheith amuigh i measc an phobail. Mar dhuine réasúnta óg idéalach

(Thuas) Gort saothraithe Phádraig Standúin le 8 mbliana anuas. Tá sé aistriúite go Tuair Mhic Éadaigh. Go néirí leis.

IONAD OIDHREACHTA

ÁRANN



Cill Rónáin,
Inis Mór,
Oileán Árann
Teil: 099-61355
Facs: 099-61354

Cuir tús le do chuairt ar Árann in Ionad Árann!

Cuirfidh do chuairt ar an ionad nua seo an tírdhreach, an stair, an cultúr agus na traidisiúin a bhaineann le Oileáin Árann in aithne duit.

Le cabhair painéil eolais agus scannán chlosamharc, tabharfar léargas chuinn freisin ar nithe ar nós gnéithe geolaíochta na n-oileán, dúnta Árann maraon leis an tírdhreach fisiciúil.

Chun sult níos mó a bhaint as do chuairt, buail isteach chuig Ionad Árann, chun treoir níos fearr a thabhairt duit le linn do thurais mór-thimpeall an oileáin.

Ar oscailt ó mhí Aibreán go dtí mí Dheireadh Fómhair

Fáilte romhat isteach!



ISLAND FERRIES TEO.

Cladhnach, An Cheathrú Rua 091-72273
& Plás Victoria, Gaillimh 091-61767
Facs: 091-62069

Aran Seabird • Aran Express

Ag seoladh as Ros an Mhíl ar a laghad dhá uair sa ló
go
OILEÁIN ÁRANN
i 40 nóiméad

Ceangail speisialta bus idir Gaillimh agus Ros an Mhíl

Gach eolas agus ticéid ar fáil ag an oifig i:
Plás Victoria, Gaillimh

nó ar an gcéibh i:
Ros an Mhíl

bhí mé glan in aghaidh an fhoiréigin, agus dhiúltaigh mé pionós corpartha a úsáid le smacht a choinneál ar na gasúir. Ar ndóigh níor thaithin sé seo le húdaráis an choláiste nó le tuismitheoirí, mar ní fhaca siad gur féidir smacht a choinneál ar aon bhealach eile. Le linn saoire na Samhna i 1971, scríobh mé alt don *Western People* faoin teideal *The Dog Collar* – *From the Inside* inar thug mé le fios gur cheap mé nach le haghaidh fosaíocht a dhéanamh ar ghasúir mhéanaicmeacha an Iarthair a hoirníodh mé. Foilsíodh an t-alt ar an Aoine agus bhí mé ar an Naomh Éanna, ag seoladh mar shéiplíneach d'Inis Oírr agus Inis Meáin an Chéadaoin dár gcionn.

An uair sin, agus le leathchéad bliain roimhe bhí ar mhuintir na n-oileán an sagart a thabhairt trasna an tSunda Shalaigh idir dhá Aifreann an Domhnaigh, nó am ar bith lá nó oíche a bheadh crúóg, glaohc ola ná eile.

Bhí ar gach teach ar ch'aon oileán an sagart a thabhairt trasna an tSunda, uair nó mar sin in aghaidh na bliana, de réir a dtuinn. Bhí sé sin go hálainn sa samhradh ar ndóigh, nuair a thabharfaí cead don sagart féin iomradh. Ach bhí laethanta geimhriúla ann 'a mbíodh maidhmeanna móra farraige ag caitheamh curach is criú

anseo is ansiúd ar bharr an uisce.

Bhí farraige mhór ann ar an darna Satharn de mhí na Nollag 1972. D'éirigh le mo chriú an churach a sheoladh gan mórán trioblóide ó thrá Inis Oírr. Bhí mé le faoistin a éisteacht in Inis Meáin an lá sin, an chéad Aifreann a rá ar maidin lá arna mhárach, agus filleadh ar Inis Oírr don darna Aifreann. Bhí turas deas againn siar, maidin bhreá sheaca, torann na maidí rámha níos airde ná mar ab ionduil ar aer sheaca na maidne, boladh álainn tobac ó phiopaí Mhike Mhéin. Ar rudaí mar sin a chuimhníonn duine nuair a bhreathnaítear siar tar éis duit a bheith i mbaol do bháite.

Nuair a bhíomar i bhfoisceacht cúpla céad slat don sleamhnán nó slip Inis Meáin, bhí sé soiléar nach shin é an lá le bheith ag iarraidh dul i dtír ansin. Bhí maidhmeanna ag briseadh thar an gcéibh, na fir, a bhíodh go hionduil ar bharr na céibhe le cur in iúl do mhuintir Inis Oírr cén uair a raibh sé in airíocht teacht i dtír, bhíodar ag seasamh i bhfad siar, ag béiceadh agus ag tabhairt comharthaí lámha dá gcomhoileánaigh dul soir abhaile go beo.

Ach bhí an churach tar éis snámh soir ró-fhada. Feicim fós an mhaidhm a d'éirigh taobh amuigh dinn ina balla

uisce ag briseadh ag an mbarr. Níl fhios agam cén chaoi ar éirigh leis na fir a bhí in éindí liomsa an churach a chasadh i dtreo na maidhme in am, nó cibé caoi ar éirigh leis an gcurach dul tríd nó dul thairis. Ar chaoi ar bith níor rug an tonn sin orainn, agus thánagamar slán, buíochas le Dia. Ar lá mar sin a chuirfeá curach i gcosúlacht le bróg Chríost ag siúl ar an bhfarraige.

Ach bhí dóthain den saol sin feicthe ag muintir na n-oileán. Gairmeadh cruinníúcháí agus cuireadh an chontúirt in iúl d'Ardeaspag Thuama, Seosamh Ó Cuinneáin. Nuair bhí sagart le spárail aige an samhradh dár gcionn, thug sé sagart lán-aimseartha d'Inis Meáin, agus is mar sin atá an scéal ó shin.

D'fhill mise ar Inis Meáin mar shéiplíneach i 1987 agus is ann a chaith mé seacht as na hocht mbliana atá caite. Tá cumha agus uaigheas fós orm ina dhiaidh, cé go bhfuil mé ag socrú isteach go deas i measc mhuintir Mhaigh Eo anseo i dTuar Mhic Éadaigh.

"Take me home to Mayo" a chas cuid de mo chairde i dTigh Fitz i gCill Éinne an oíche ar thug muid Dráma na Páise d'Inis Mór. Is beag a cheap mé go dtiocfadh sé fíor chomh luath sin.

• Siopa & Ósta •

TIGH CHRISTÓ

Ros Muc 091-574121

**Ceol Traidisiúnta • Smailceanna
Peitreal • Leabharlann
Fístéipeanna
Gual • Flo-gas**




AER ÁRANN

**AERFORT CHONAMARA
Eidiltí Laethúla go dtí Olléain Árann**

Oifig Eolais: Aer Árann, Aerfort Chonamara, Caisleán, Indreabhán
Facs: 091-93034 & 93054

IONAD NA BHFÉILEACÁN



Oscailte ó thús Bealtaine go deireadh Meán Fómhair

Luan - Satharn 10am - 5pm

Dé Domhnaigh: 2pm - 6pm

CASLA, CO. NA GAILLIMHE
Teil: 091-572210 Facs: 091-572370



REHAB GROUP

Standún

STANDÚN TEO.

An Spidéal,
Co. na Gaillimhe
Fón: 091-83102/8

Togha agus Rogha na Tíre
Déan do chuid Siopadóireacht
tré Ghaeilge sa Ghaeltacht

Go n-éirí go geal leis an tPléaraca

AN FOCLÓIR PÓCA

- 200,000 cóip díolta cheana
- 552 leathanach
- 30,000 ceannfhocal
- Treoir le haghaidh fhuaimniú na bhfocal Gaeilge
- Téarmaí nua
- Táblaí Briathra
- Ainmneacha tireolaíochta



Tá an Foclóir Póca ar na leabhair Ghaeilge is mó díol riamh. Áis iontach é d'idir fhoghlaimeoirí agus dhaoine a bhfuil an teanga ar an dtoil acu. Idir na focail a thugtar, an raidhse samplaí, an treoir fhoghraíochta agus an t-eolas gramadaí is mó ná foclóir é – is riachtanas é.

£4.60

AN GÚM

Jackie Ó Cualáin

Cárna, Co. na Gaillimhe
Fón: 095-32331
Facs: 095-32532

– Member of the National Housing Guarantee –

Conraitheoir Tógála

Seirbhís Tógála ar fud Chonamara
Níl aon jab ró-bheag nó ró-mhór dhúinn.

Go n-éirí go geal leis an tPléaraca